



# Creat Foghlama Digití d’Iar-bhunscoileanna



AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA
DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

# Creat Foghlama Digití d'Iar-bhunscoileanna

## Réamhrá

Príomhchuspóir de *Straitéis Dhigiteach do Scoileanna, 2015-2020: Teagasc, Foghlaim agus Measúnú a Fheabhsú* is ea Creat inniúlachta TFC de chuid UNESCO a ghlacadh do chomhthéacs na hÉireann, agus leas a bhaint as Creataí Inniúlachta Digití ábhartha eile ón Eoraip agus ó thíortha eile freisin.

Le logánú na gcreataí sin, trí fhorbairt an Chreata Foghlama Digití, soláthrófar soiléireacht do mhúinteoirí maidir le conas is féidir leo teicneolaíochtaí digiteacha a leabú go héifeachtach ina gcleachtas. Ina theannta sin, tabharfar treoir do cheannairí scoileanna agus do sholáthraithe oideachais chun fís choiteann a chruthú maidir le conas is fearr is féidir leis an teicneolaíocht freastal ar riachtanais an uile fhoghlaimeora.

Bunaíodh meitheal ar a bhfuil ionadaithe ón Roinn agus óna cigireacht agus óna seirbhís tacaíochta (An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí) chun na críche sin le tacaíocht ó shaineolaithe seachtracha[1].

Tá an *Creat Foghlama Digití d'Iar-bhunscoileanna* nua forbartha anois agus beidh sé ar fáil do gach scoil don scoilbhliain 2017/2018. Déanfar an cur i bhfeidhm a thástáil ar dtús ar líon ionadaíoch trasearnála de 20 bunscoil sa tréimhse idir Deireadh Fómhair 2017 agus Meitheamh 2018. Déanfar measúnú seachtrach ar an gcur i bhfeidhm trialach sin. Úsáidfear torthaí an mheasúnaithe sin chun bonn eolais a chur faoi chur i bhfeidhm an Chreata ar bhonn náisiúnta i mí Mheán Fómhair 2018.

Tacaíonn an Creat Foghlama Digití nua leis an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna agus le beartais eile na Roinne i bpríomhréimsí áirithe lena n-áirítear athbhreithniú ar an gcuraclam agus a chur i bhfeidhm, forbairt scileanna, oideachas múinteoirí, agus torthaí d'fhoghlaimeoirí.

Tá tagairt choiteann le fáil sa Chreat nua seo agus tuairiscíní ann ar an inniúlacht dhigiteach do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile lena ndéantar cuir chuige oideolaíocha nuálacha a chur chun cinn ina leabaítear úsáid teicneolaíochtaí digiteacha. De réir an Chreata atá forbartha, is é feabhas a chur ar cháilíocht na foghlama i measc na ndaltaí an rud is tábhachtaí chun foghlaim i measc múinteoirí a spreagadh. Tá an Creat bunaithe ar phrionsabail thógachaíocha, agus tacóidh sé le hoideachas ar ardchaighdeán ina gcuimsítear teicneolaíochtaí digiteacha lena ndéantar rannpháirtíocht ghníomhach na bhfoghlaimeoirí i réimse leathan gníomhaíochtaí a chur chun cinn.

## Na Ráitis Chleachtais

Tacaíonn agus cuireann an Creat Foghlama Digití d'Iar-bhunscoileanna leis an bpróiseas féinmheastóireachta scoile maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a leabú sa teagasc agus san

[1] An tOllamh Deirdre Butler (Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath); An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta; H2 learning

fhoghlaim. Tá a struchtúr ag teacht go díreach leis na réimsí agus na caighdeáin in *Ag Breathnú ar an Scoil Againne, 2016 – Creat Cáilíochta d'Iar-bhunscoileanna* agus, mar thoradh air sin, léirítear ann cleachtas éifeachtach agus an-éifeachtach maidir le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha sa dá phríomhghné, mar atá **Teagasc agus Foghlaim** agus **Ceannaireacht agus Bainistiú**. Is iad sin an dá phríomhréimse d'obair na scoile a bhfuil tionchar díreach acu ar thorthaí agus ar thaithí foghlama na ndaltaí.

Tá an dá ghné sin roinnte sna ceithre réimse chéanna is atá in *Ag Breathnú ar an Scoil Againne, 2016 – Creat Cáilíochta d'Iar-bhunscoileanna*. Fearacht an Chreata Cáilíochta, léirítear leis na réimsí na gnéithe uathúla, a bhfuil baint acu lena chéile, de na príomhghnéithe. Soláthraítear caighdeáin ansin le haghaidh gach ceann de na réimsí. Sonraítear na caighdeáin mar na cineálacha iompair agus na saintréithe a bhaineann le cleachtais i scoil éifeachtach a fheidhmíonn go maith, agus léirítear iontu an 32 chaighdeán atá le fáil in *Ag Breathnú ar an Scoil Againne, 2016 – Creat Cáilíochta d'Iar-bhunscoileanna*. Feidhm thábhachtach atá leis na caighdeáin sin is ea cabhrú le scoileanna réimsí dá gcleachtas a aithint atá éifeachtach nó an-éifeachtach, na réimsí inar gá feabhas a dhéanamh a shainaithint agus tús áite a thabhairt dóibh, agus cabhrú leo aistear feabhais a leagan amach. Tá Ráitis Chleachtais le fáil sa Chreat Foghlama Digití ina ndéantar cur síos ar chleachtais "éifeachtacha" agus "an-éifeachtach" do scoileanna maidir le gach ceann den 32 chaighdeán.

Cuireann na Ráitis sin ar chumas múinteoirí agus ceannairí scoile pleanáil a dhéanamh maidir le conas a thacóidh an scoil le leabú teicneolaíochtaí digiteacha sna cleachtais teagaisc agus foghlama agus i gcleachtas na múinteoirí aonair ina leith sin. Is féidir na Ráitis a úsáid ar an gcaoi chéanna leis na ráitis atá leagtha amach in *Ag Breathnú ar an Scoil Againne, 2016 – Creat Cáilíochta d'Iar-bhunscoileanna*.

Sna Ráitis ar chleachtas éifeachtach, tugtar cur síos ar chleachtais ar leibhéal inniúil éifeachtach. Sna Ráitis ar chleachtas an-éifeachtach, tugtar cur síos ar chleachtais atá an-éifeachtach agus a bhfuil an-rath orthu. Agus machnamh á dhéanamh ar conas is féidir feabhas a chur ar an bpróiseas teagaisc agus foghlama le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha, déanfaidh lucht bainistíochta scoileanna agus múinteoirí na gnéithe sin den phróiseas atá éifeachtach nó an-éifeachtach cheana féin a aithint mar aon le réimsí inar gá feabhas a dhéanamh. Cuirfear cás-staidéir agus samplaí den dea-chleachtas ar fáil chun tacú leis na Ráitis. Tá cuid acu sin ar fáil cheana féin, agus forbrófar cuid eile de réir mar a dhéanfar teicneolaíochtaí digiteacha a leabú sa teagasc agus san fhoghlaim ar fud na scoileanna ar fad.

Tá na Ráitis Chleachtais bunaithe ar Chreat inniúlachta TFC de chuid UNESCO agus baintear leas freisin as creataí DigCompEdu agus DigCompOrg de chuid an Ionaid Chomhpháirtigh Taighde san AE.

## Cur i bhFeidhm:

Is é is aidhm leis an gCreat Foghlama Digití agus le *Ag Breathnú ar an Scoil Againne, 2016 – Creat Cáilíochta d'Iar-bhunscoileanna* araon an raon feidhme is leithne a chur ar fáil do mhúinteoirí, do cheannairí scoile agus do pháirtithe eile chun an sármhaitheas a aithint agus a bhaint amach sa teagasc, san fhoghlaim, sa cheannaireacht, agus sa bhainistiú. Aithnítear sa Chreat Foghlama Digití go bhfuil scoileanna ag céimeanna éagsúla den aistear chun feabhas

a chur ar an scoil maidir le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha a leabú sa teagasc agus san fhoghlaim.

Is féidir le scoileanna agus le múinteoirí aonair próiseas/samhail na féinmheastóireachta scoile a ghlacadh agus an Creat Foghlama Digití á chur i bhfeidhm. Níltear ag súil go gcuimseofaí gach gné den Chreat nua in aon ghníomhaíocht féinmhachnamhach nó measúnaithe amháin. Ina áit sin, ba cheart an Creat Foghlama Digití a úsáid chun féinmhachnamh agus feabhas a chumasú seachas mar sheicliosta docht dolúbtha. Tá sé ríthábhachtach ón tús go mbeadh comhthuiscint ag an bhfoireann ceannaireachta i ngach scoil ar an bhfáth agus ar an gcaoi a bhfuil iarracht á déanamh ag an scoil teicneolaíochtaí digiteacha a leabú sa teagasc agus san fhoghlaim, agus go mbeadh an fhoireann ar fad tiomanta dó sin.

D'fhéadfadh scoileanna modheolaíocht sé chéim na Féinmheastóireachta Scoile (SSE) a ghlacadh chun an Creat Foghlama Digití a chur i bhfeidhm. D'fhéadfadh scoileanna a roghnú freisin an Creat Foghlama Digití a ghlacadh mar an réimse ar a ndíreofar chun an teagasc agus an fhoghlaim a fhorbairt mar chuid de phróiseas SSE.

Beidh treoirlínte pleanála don fhoghlaim dhigiteach ag gabháil leis an gCreat. Is acmhainn é sin a bhfuil mar aidhm leis tacú le scoileanna teicneolaíochtaí digiteacha a leabú sa teagasc agus san fhoghlaim agus Plean Foghlama Digití a fhorbairt.

## Creat Foghlama Digití: Buntáistí do Scoileanna / Soláthraithe Oideachais

Tugtar léargas anseo thíos ar roinnt de na buntáistí agus na príomhthairbhí a bhaineann leis an gCreat Foghlama Digití:

- Ach an Creat a úsáid, beidh an scoil ullamh do churaclam nua, teagasc agus foghlaim níos fearr, agus rannpháirtíocht níos fearr i measc na ndaltaí
- Éascóidh an Creat Foghlama Digití cur chuige scoile uile maidir le tuiscint a fháil ar a bhfuil i gceist le teicneolaíochtaí digiteacha a leabú trí leas a bhaint as prionsabail thógachaíocha don teagasc agus don fhoghlaim.
- Cabhróidh an Creat plé inmheánach a ghiniúint ar conas is féidir feabhas a chur ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim ach teicneolaíochtaí digiteacha a leabú
- Is féidir le múinteoirí aonair nó grúpaí múinteoirí an Creat a úsáid mar uirlis pleanála chun a gcleachtais teagaisc agus foghlama laethúla a phleanáil, agus machnamh a dhéanamh orthu, ar gach leibhéal agus thar gach réimse den churaclam.
- Ina theannta sin, cabhróidh an Creat le scoileanna agus le múinteoirí aonair a gcuid riachtanas ó thaobh forbairt ghairmiúil leanúnach de i réimse na dteicneolaíochtaí digiteacha a shainaithint agus pleanáil a dhéanamh chun dul i ngleic leo sin, agus cuirfidh sé ar a gcumas seilbh a ghlacadh ar a gcuid forbartha agus ar a gcuid feabhais féin sa réimse seo.
- Ach an Creat a chur i bhfeidhm i scoileanna, cabhrófar leis an Roinn agus leis na seirbhísí tacaíochta freagairt níos fearr do na riachtanais atá aitheanta ag scoileanna agus ag múinteoirí ó thaobh forbairt ghairmiúil de.

- Leis an gCreat, cuirtear chun cinn comhoibriú idir múinteoirí agus tacófar le pleanáil chomhoibríoch ar fud na ranna ábhair ar fad agus sna réimsí sin ar gá díriú orthu ar bhonn traschuraclaim amhail an litearthacht, an uimhearthacht agus STEM.
- Tagairt a bheidh sa Chreat maidir le céard is cleachtas éifeachtach agus an-éifeachtach ann maidir le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, san fhoghlaim agus ag ceannaireacht na scoile, agus is áis thábhachtach a bheidh ann le haghaidh measúnú inmheánach agus seachtrach ar conas a bhfuil teicneolaíochtaí digiteacha á leabú thar gach gné de ghníomhaíochtaí na scoile.
- Tá an Creat ag teacht go díreach leis na réimsí agus na caighdeáin in *Ag Breathnú ar an Scoil Againne, 2016 – Creat Cáilíochta d'Iar-bhunscoileanna*, agus tacóidh agus cuirfidh an Creat leis an bpróiseas Féinmheastóireachta Scoile (SSE).
- Cabhróidh an Creat le scoileanna réasúnaíocht shoiléir a fhorbairt maidir le leabú teicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc agus san fhoghlaim, agus le heolas a chur ar fáil dá gcinntí ina dhiaidh sin maidir leis an gcineál bonneagair is ceart don scoil a fhorbairt.

Ar leibhéal náisiúnta, úsáidfear an Creat Foghlama Digití mar thagarmharc freisin chun an dul chun cinn a thomhas maidir le leabú teicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc agus san fhoghlaim, agus cabhróidh sé le heolas a chur ar fáil don bheartas sa réimse seo.

## Torthaí fadtréimhseacha:

Is iad seo a leanas roinnt de na torthaí fadtréimhseacha lena mbeifí ag súil tar éis an Creat Foghlama Digití a chur i bhfeidhm go rathúil i ngach scoil. D'fhéadfaí iad sin a bheachtú a thuilleadh de réir mar a chuirfear an Creat i bhfeidhm.

- Déantar teicneolaíochtaí digiteacha, bunaithe ar phrionsabail thógachaíocha, a leabú i gcleachtais teagaisc agus foghlama
- Rannpháirtíocht ardleibhéil san fhoghlaim i measc daltaí trí úsáid an chreata foghlama digití ag an múinteoir trína ndéantar smaointeoirí rannpháirteacha, foghlaimeoirí gníomhacha agus cruthaitheoirí eolais de dhaltaí
- Bíonn an teagasc bunaithe agus dírithe ar na daltaí
- Bíonn na daltaí níos féinstiúrtha agus níos spreagtha ina gcur chuige i leith na foghlama
- Fianaise ar úsáid níos fairsinge de réimse leathan teicneolaíochtaí digiteacha i measc daltaí agus múinteoirí le haghaidh an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe.
- Aithníonn ceannairí scoile agus múinteoirí gur uirlis úsáideach atá sa Chreat chun riachtanais forbartha gairmiúla leanúnaí a aithint
- Is éasca an Creat a úsáid le *Ag Breathnú ar an Scoil Againne, 2016 – Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna* chun tacú leis an bpróiseas féinmheastóireachta i scoileanna maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a leabú sa teagasc agus san fhoghlaim, agus cuireann an Creat eolas ar fáil don phleanáil scoile uile sa réimse seo.
- Tá cur chuige agus tiomantas ar fud na scoile uile i leith úsáid éifeachtach agus an-éifeachtach teicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc agus san fhoghlaim
- Is léir an pearsantú agus an difreáil sa teagasc agus san fhoghlaim, agus freastalaítear go forleathan orthu

- Baintear leas as an gCreat mar an phríomhuirlis chun measúnú inmheánach agus seachtrach a dhéanamh ar conas a dhéantar teicneolaíochtaí digiteacha a leabú ar fud gach gné den scoil
- Úsáideann lucht déanta beartais an Creat ar leibhéal náisiúnta chun an méid atá bainte amach go dtí seo a thomhas i dtéarmaí teicneolaíochtaí digiteacha a leabú sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú, agus chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt beartais sa réimse seo amach anseo.

# Creat Foghlama Digití d'Iar-bhunscoileanna

## Iar-bhunscoileanna – teagasc agus foghlaim

### RÉIMSE 1: TORTHAÍ D'FHOGHLAIMEOIRÍ

| CAIGHDEÁIN | RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACH | RÁITIS AR CHLEACHTAS AN-ÉIFEACHTACH |
|---|---|---|
| **Baineann daltaí taitneamh as a gcuid foghlama, bíonn siad an-tiomanta i leith na foghlama agus bíonn siad ag súil le spriocanna a bhaint amach mar fhoghlaimeoirí** | Úsáideann na daltaí teicneolaíochtaí digiteacha cuí chun rannpháirtíocht ghníomhach a chothú le torthaí foghlama cuí a bhaint amach.<br><br>Úsáideann na daltaí teicneolaíochtaí digiteacha chun fianaise a bhailiú agus chun dul chun cinn a thaifeadadh. | Úsáideann na daltaí teicneolaíochtaí digiteacha cuí chun rannpháirtíocht ghníomhach, chruthaitheach agus chriticiúil a chothú le torthaí foghlama dúshlánacha a bhaint amach.<br>Úsáideann na daltaí teicneolaíochtaí digiteacha chun fianaise a bhailiú, chun dul chun cinn a thaifeadadh, chun measúnú agus machnamh a dhéanamh, agus chun réitigh agus/nó táirgí nua a chruthú. |
| **Bíonn an t-eolas, na scileanna agus na meonta riachtanacha ag daltaí chun iad féin agus a gcuid caidreamh a thuiscint** | Bíonn dearcadh dearfach ag daltaí i leith úsáid teicneolaíochtaí digiteacha agus tuigeann siad na rioscaí agus na teorainneacha féideartha a bhaineann leo.<br><br>Tuigeann daltaí na rioscaí agus na bagairtí a d'fhéadfadh a bheith i dtimpeallachtaí digiteacha. | Bíonn dearcadh dearfach ag daltaí i leith úsáid teicneolaíochtaí digiteacha, tuigeann siad na rioscaí agus na teorainneacha féideartha a bhaineann leo, agus tá an mhuinín agus na scileanna acu tairbhí a bhaint as na teicneolaíochtaí sin.<br>Bíonn muinín ag daltaí a gcéannacht dhigiteach a chosaint agus a lorg digiteach a bhainistiú. |
| **Léiríonn daltaí an t-eolas, na scileanna agus an tuiscint atá riachtanach de réir churaclam na hiar-bhunscoile** | Bíonn ar chumas daltaí úsáid a bhaint as raon teicneolaíochtaí digiteacha chun an t-eolas, na scileanna agus an tuiscint a léiriú faoi mar atá riachtanach de réir an tsiollabais, na sonraíochta nó an chúrsa ábhartha.<br>Úsáideann daltaí teicneolaíochtaí digiteacha go héifeachtach chun a n-eolas a fhorbairt, agus inniúlacht a bhaint amach ina scileanna agus ina dtuiscint de réir na gcuspóirí, na scileanna agus na gcoincheap sa siollabas, sa tsonraíocht nó sa chúrsa ábhartha. | Leanann daltaí, i gcomhar lena múinteoir agus/nó lena dtuismitheoirí, a riachtanais agus a roghanna foghlama féin le cabhair teicneolaíochtaí digiteacha cuí.<br><br>Úsáideann daltaí teicneolaíochtaí digiteacha ar bhealach an-éifeachtach chun a n-eolas a fhorbairt, agus inniúlacht a bhaint amach ina scileanna agus ina dtuiscint de réir na gcuspóirí, na scileanna agus na gcoincheap sa siollabas, sa tsonraíocht nó sa chúrsa ábhartha. |
| **Éiríonn le daltaí na torthaí foghlama sonraithe a bhaint amach le haghaidh gach ábhair, cúrsa agus cláir** | Tugtar aiseolas pearsanta agus tacaíocht idirdhealaitheach do dhaltaí bunaithe ar fhianaise a bhailítear le raon modhanna lena n-áirítear teicneolaíochtaí digiteacha. | Baineann daltaí úsáid as fianaise a bhailítear le raon modhanna lena n-áirítear teicneolaíochtaí digiteacha chun an dul chun cinn a thaifeadadh agus chun réimsí a aithint ar gá feabhas a chur orthu, agus bíonn deiseanna ag daltaí aghaidh a thabhairt orthu sin leis an múinteoir. |
| | Baineann daltaí agus/nó tuismitheoirí úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha chun rochtain a fháil ar fheidhmíocht na bhfoghlaimeoirí ar bhealach sábháilte eiticiúil. | Baineann daltaí agus/nó tuismitheoirí úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha chun torthaí measúnuithe múnlaitheacha agus suimitheacha, féinmheasúnuithe agus piarmheasúnuithe a rochtain, a mheasúnú agus a léirmhíniú. |

## Iar-bhunscoileanna – teagasc agus foghlaim

### RÉIMSE 2: EISPÉIRIS FOGHLAIMEOIRÍ

| CAIGHDEÁIN | RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACH | RÁITIS AR CHLEACHTAS AN-ÉIFEACHTACH |
|---|---|---|
| **Bíonn daltaí rannpháirteach ar bhealach fóinteach i ngníomhaíochtaí foghlama bríche** | Baineann daltaí úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha chun faisnéis a aimsiú agus a mhalartú d'fhonn tuiscint a fhorbairt agus d'fhonn tacú le cruthú eolais bhunúsaigh. | Baineann daltaí úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha éagsúla an chruthaithe eolais chun faisnéis a aimsiú, a mheas agus a bhainistiú agus chun machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim. |
| **Fásann daltaí mar fhoghlaimeoirí trí idirghníomhaíochtaí agus eispéiris mheasúla atá idir dhúshlánach agus thacúil** | Bíonn na hidirghníomhaíochtaí digiteacha, idir na daltaí féin agus idir na daltaí agus na múinteoirí, idir mheasúil agus dhearfach agus cuidíonn siad leis an bhfolláine.<br><br>Baineann daltaí úsáid mhuiníneach as teicneolaíochtaí digiteacha chun cur lena n-eolas trí pháirt a ghlacadh i ndioscúrsa poiblí agus i rannpháirtíocht shibhialta chuí. | Bíonn na hidirghníomhaíochtaí digiteacha, idir na daltaí féin agus idir na daltaí agus na múinteoirí, idir mheasúil agus dhúshlánach, agus tacaíonn siad le folláine gach dalta.<br><br>Baineann daltaí úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha chun eolas a chur in iúl, a thiomsú agus a chomhchruthú go measúil trí pháirt ghníomhach i ndioscúrsa poiblí agus i rannpháirtíocht shibhialta chuí. |
| **Déanann daltaí machnamh ar a ndul chun cinn mar fhoghlaimeoirí agus forbraíonn siad úinéireacht áirithe ar a bhfoghlaim agus freagracht áirithe aisti** | Úsáideann daltaí teicneolaíochtaí digiteacha chun fianaise a bhailiú, a ndul chun cinn a thaifeadadh agus machnamh a dhéanamh air, agus a n-inniúlacht a fhorbairt mar fhoghlaimeoirí féinstiúrtha. | Úsáideann daltaí teicneolaíochtaí digiteacha chun a n-inniúlacht a fhorbairt ar bhonn cruthaitheach criticiúil mar fhoghlaimeoirí neamhspleácha féinstiúrtha, agus is féidir leo spriocanna pearsanta bríocha a leagan amach don fhoghlaim amach anseo. |
| **Faigheann daltaí taithí ar dheiseanna chun na scileanna agus na meonta atá riachtanach don fhoghlaim ar feadh an tsaoil a fhorbairt** | Bíonn deiseanna ag daltaí a n-inniúlacht dhigiteach a úsáid i gcásanna nó i gcomhthéacsanna nua agus bíonn tuiscint atá oiriúnach dá n-aois acu ar conas is féidir leis an teicneolaíocht dhigiteach cabhrú leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil. | Úsáideann daltaí a n-inniúlacht dhigiteach ar bhealaí nuálacha i gcásanna nó i gcomhthéacsanna nua, forbraíonn siad réitigh agus/nó táirgí nua ar bhealach cruthaitheach, agus samhlaíonn siad go leanfaidh siad ar aghaidh san oideachas agus san oiliúint leanúnach. |

## Iar-bhunscoileanna – teagasc agus foghlaim

## RÉIMSE 3: CLEACHTAS MÚINTEOIRÍ AONAIR

| CAIGHDEÁIN | RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACH | RÁITIS AR CHLEACHTAS AN-ÉIFEACHTACH |
|---|---|---|
| **Tá an t-eolas ar an ábhar, an t-eolas oideolaíoch agus na scileanna bainistíochta ranga is gá ag an múinteoir** | Úsáideann múinteoirí réimse teicneolaíochtaí digiteacha chun gníomhaíochtaí foghlama agus measúnaithe a dhearadh dá ndaltaí.<br><br>Déanann múinteoirí eispéiris foghlama a dhearadh nó a chur in oiriúint ina gcuimsítear teicneolaíochtaí digiteacha agus ina mbíonn na gníomhaíochtaí foghlama idir ábhartha agus bhríoch chun tacú le foghlaim na ndaltaí.<br><br>Nuair a bhaineann múinteoirí úsáid as gníomhaíochtaí foghlama digití, déanann siad measúnú ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí sin agus déanann siad athbhreithniú ar a gcuid straitéisí teagaisc dá réir sin. | Úsáideann múinteoirí réimse teicneolaíochtaí digiteacha chun deiseanna nua foghlama, teagaisc agus measúnaithe a dhearadh.<br><br>Léiríonn múinteoirí teagasc, eolas agus scileanna ardleibhéil, agus úsáideann siad teicneolaíochtaí digiteacha chun tacú le cruthaitheacht, nuálaíocht agus cruthú eolais na ndaltaí.<br><br>Bíonn machnamh criticiúil á dhéanamh de shíor ag múinteoirí ar réimse gníomhaíochtaí foghlama digití agus bíonn triail á baint acu as gníomhaíochtaí den sórt sin ar bhonn leanúnach, bíonn measúnú leanúnach á dhéanamh acu ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí sin agus déanann siad athbhreithniú ar a gcuid straitéisí teagaisc dá réir sin. |
| **Roghnaíonn agus úsáideann an múinteoir cleachtas pleanála, ullmhúcháin agus measúnaithe a dhéanann forbairt ar fhoghlaim na ndaltaí** | Baineann múinteoirí úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha cuí chun gníomhaíochtaí foghlama a dhearadh lena n-éascaítear an fhoghlaim phearsantaithe agus an fhoghlaim idirdhealaitheach.<br>Baineann múinteoirí úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha cuí chun fadhbanna casta ón saol mar atá a dhearadh agus chun iad sin a struchtúrú ar bhealach ina gcuimsítear príomhchoincheapa an ábhair.<br><br>Úsáideann múinteoirí teicneolaíochtaí digiteacha go muiníneach, go heiticiúil agus go héifeachtach chun dul chun cinn na ndaltaí a bhainistiú agus a thaifeadadh agus chun monatóireacht a dhéanamh air.<br><br>Úsáideann múinteoirí réimse teicneolaíochtaí digiteacha chun tacú le measúnú ar an bhfoghlaim agus le measúnú chun foghlama. | Baineann múinteoirí úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha cuí chun tacú leis an bhfoghlaim idirdhealaitheach, rud a chuireann ar chumas na bhfoghlaimeoirí seilbh a ghlacadh ar a riachtanais foghlama aonair.<br>Úsáideann múinteoirí teicneolaíochtaí digiteacha cuí chun cabhrú le daltaí tograí agus gníomhaíochtaí a dhearadh lena gcuirtear iad ag obair ar fhadhbréiteach comhoibríoch, ar thaighde agus/nó ar chruthú ealaíonta.<br>Úsáideann múinteoirí teicneolaíochtaí digiteacha chun an measúnú a dhéanamh níos ábhartha agus níos trédhearcaí do dhaltaí agus do thuismitheoirí, le cur ar a gcumas roghanna eolasacha a dhéanamh maidir le tosaíochtaí foghlama amach anseo.<br>Dearann agus úsáideann múinteoirí teicneolaíochtaí digiteacha éagsúla don mheasúnú ar an bhfoghlaim agus don mheasúnú chun foghlama agus déanann siad measúnú rialta ar a mbailíocht agus ar a n-iontaofacht. |
| **Roghnaíonn agus úsáideann an múinteoir cuir chuige teagaisc atá oiriúnach don chuspóir foghlama agus do riachtanais foghlama na ndaltaí** | Tá múinteoirí eolach ar réimse teicneolaíochtaí digiteacha atá oiriúnach do chuspóirí foghlama agus do riachtanais foghlama a ndaltaí, agus úsáideann siad na teicneolaíochtaí digiteacha sin agus gníomhaíochtaí foghlama á ndearadh acu.<br>Úsáideann múinteoirí teicneolaíochtaí digiteacha agus straitéisí teagaisc cuí chun scileanna litearthachta agus uimhearthachta na ndaltaí a fhorbairt ar fud an churaclaim. | Déanann múinteoirí machnamh ar a straitéisí oideolaíocha, agus cuireann siad na straitéisí sin in oiriúint, agus teicneolaíochtaí digiteacha in úsáid acu chun seilbh na ndaltaí ar a gcuid foghlama féin a phearsantú agus a éascú.<br>Déanann múinteoirí teicneolaíochtaí digiteacha a leabú chun forbairt, monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar fhorbairt litearthachta agus uimhearthachta na ndaltaí ar bhonn leanúnach. |

| | | |
|---|---|---|
| **Freagraíonn an múinteoir do riachtanais foghlama ar leith agus déanann sé idirdhealú idir gníomhaíochtaí teagaisc agus gníomhaíochtaí foghlama de réir mar is gá.** | Cabhraíonn múinteoirí le daltaí úsáid ghníomhach a bhaint as réimse teicneolaíochtaí digiteacha chun dul i ngleic lena gcuid riachtanas foghlama féin | Déanann múinteoirí machnamh ar an úsáid ghníomhach a bhaineann na daltaí as réimse teicneolaíochtaí digiteacha bunaithe ar a gcuid riachtanas foghlama féin, agus cuireann siad leis an úsáid sin. |

## Iar-bhunscoileanna – teagasc agus foghlaim

### RÉIMSE 4: CLEACHTAS COMHCHOITEANN/COMHOIBRÍOCH MÚINTEOIRÍ

| CAIGHDEÁIN | RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACH | RÁITIS AR CHLEACHTAS AN-ÉIFEACHTACH |
|---|---|---|
| **Bíonn meas ag múinteoirí ar an bhforbairt ghairmiúil agus ar an gcomhoibriú gairmiúil, agus bíonn siad rannpháirteach iontu sin** | Bíonn múinteoirí ag gabháil don fhorbairt ghairmiúil agus oibríonn siad lena gcomhghleacaithe chun cabhrú leo teicneolaíochtaí digiteacha a roghnú agus a ailíniú le straitéisí éifeachtacha teagaisc chun deiseanna foghlama a leathnú le haghaidh na ndaltaí ar fad.<br><br>Déanann múinteoirí measúnú, plé agus machnamh lena gcomhghleacaithe ar úsáid teicneolaíochtaí digiteacha le bheith nuálach sa chleachtas oideachais agus le feabhas a chur air. | Bíonn múinteoirí ag gabháil don fhorbairt ghairmiúil, agus tugann siad treoir agus tacaíocht do chomhghleacaithe maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a roghnú agus a ailíniú le straitéisí éifeachtacha teagaisc chun deiseanna foghlama a leathnú le haghaidh na ndaltaí ar fad.<br>Cuireann múinteoirí athruithe i bhfeidhm go comhoibríoch ar leibhéal scoile uile le bheith nuálach sa chleachtas oideachais agus le feabhas a chur air trí raon teicneolaíochtaí digiteacha a leabú sa teagasc agus san fhoghlaim. |
| **Bíonn múinteoirí ag obair le chéile chun deiseanna foghlama a cheapadh do dhaltaí ar fud an churaclaim agus thairis sin** | Bíonn múinteoirí páirteach i bpobail ghairmiúla ar líne chun cabhrú leo deiseanna foghlama a dhearadh do dhaltaí ar fud an churaclaim agus thairis sin.<br><br>Úsáideann múinteoirí teicneolaíochtaí digiteacha chun comhoibriú le gníomhaireachtaí seachtracha agus le pearsanra seachtrach d'fhonn eispéiris foghlama bhríocha a éascú do na daltaí. | Glacann múinteoirí páirt i bpobail ghairmiúla ar líne chun cabhrú leo deiseanna foghlama a dhearadh, a mheasúnú agus a mhionathrú ar bhonn leanúnach do dhaltaí ar fud an churaclaim agus thairis sin.<br><br>Úsáideann múinteoirí teicneolaíochtaí digiteacha chun comhoibriú le gníomhaireachtaí seachtracha agus le pearsanra seachtrach d'fhonn eispéiris foghlama bhríocha idirdhisciplíneacha a éascú do na daltaí. |
| **Déanann múinteoirí cleachtais chomhsheasmhacha iontaofa don mheasúnú múnlaitheach agus don mheasúnú suimitheach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i dteannta a chéile** | Forbraíonn múinteoirí úsáid eiticiúil teicneolaíochtaí digiteacha chun sonraí ábhartha ar fhoghlaim na ndaltaí a bhailiú, a chomhroinnt agus a léirmhíniú le comhghleacaithe, agus cuireann siad an úsáid eiticiúil sin i bhfeidhm.<br><br>Baineann múinteoirí úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha chun réimse de chleachtais dhílse chuí a dhearadh don mheasúnú múnlaitheach agus don mheasúnú suimitheach. | Forbraíonn múinteoirí úsáid eiticiúil teicneolaíochtaí digiteacha i dteannta a chéile chun sonraí ábhartha ar fhoghlaim na ndaltaí a bhailiú, a chomhroinnt agus a léirmhíniú, agus cuireann siad an úsáid eiticiúil sin i bhfeidhm chun feabhas a chur ar an mbainistiú sonraí agus chun eolas a chur ar fáil do chleachtais an mheasúnaithe mhúnlaithigh agus shuimithigh sa scoil uile.<br>Baineann múinteoirí, i dteannta a chéile, úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha chun réimse de chleachtais dhílse chuí a dhearadh don mheasúnú múnlaitheach agus don mheasúnú suimitheach a chuirtear i bhfeidhm ar leibhéal scoile uile. |
| **Cuireann múinteoirí le hinniúlacht na foirne uile trína gcuid saineolais a chomhroinnt** | Bíonn múinteoirí ag obair as lámha a chéile le cinneadh conas is féidir teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid go héifeachtach don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú. | Tugann múinteoirí treoir agus tacaíocht do chomhghleacaithe laistigh den scoil chun fís choiteann a fhorbairt ar conas is féidir le teicneolaíochtaí digiteacha feabhas a chur ar dheiseanna foghlama do gach dalta. |

## Iar-bhunscoileanna – ceannaireacht agus bainistiú

## RÉIMSE 1: AN FHOGHLAIM AGUS AN TEAGASC A THREORÚ

| CAIGHDEÁIN | RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACH | RÁITIS AR CHLEACHTAS AN-ÉIFEACHTACH |
|---|---|---|
| **Cultúr feabhais, comhoibrithe, nuálaíochta agus cruthaitheachta a chur chun cinn san fhoghlaim, sa teagasc agus sa mheasúnú** | Spreagann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil na múinteoirí chun teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid le feabhas a chur ar a gcleachtais foghlama, teagaisc agus measúnaithe, agus chun a gcleachtas a chomhroinnt.<br><br>Cuimsítear le próiseas féinmheastóireachta na scoile fís agus ráiteas misin ina léirítear go soiléir an acmhainneacht a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha chun feabhas a chur ar an bhfoghlaim, ar an teagasc agus ar an measúnú.<br>Tá comhthuiscint ag an bpríomhoide agus ag ceannairí eile sa scoil ar an bhfáth agus ar an gcaoi a bhfuil an scoil ag iarraidh teicneolaíochtaí digiteacha a chomhtháthú, agus déanann siad forbairt beartas agus cleachtas éifeachtach a stiúradh chun tacú le comhtháthú na teicneolaíochta.<br>Spreagann siad úsáid na teicneolaíochta digití chun an nuálaíocht agus an chruthaitheacht a chothú, agus cuireann siad an úsáid sin chun cinn. Aithníonn siad a luachmhaire atá cuidiú agus gnóthachtáil daoine, ar bhonn an duine aonair agus lena chéile. | Bíonn an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil ag súil go leabódh na múinteoirí teicneolaíochtaí digiteacha ina gcleachtais foghlama, teagaisc agus measúnaithe agus go n-éascóidís comhroinnt a gcleachtas, agus spreagann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil na múinteoirí chun é sin a dhéanamh.<br>Baineann an príomhoide, mar aon leo siúd atá ag stiúradh an phróisis, úsáid as SSE go héifeachtach chun teicneolaíochtaí digiteacha a leabú ar bhealach spéisiúil dúshlánach agus le cur ar chumas na ndaltaí ar fad a bheith ina bhfoghlaimeoirí gníomhacha spreagtha.<br>Stiúrann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil forbairt beartas agus cleachtas éifeachtach chun tacú leis an nuálaíocht agus leis an gcruthaitheacht, agus leabaíonn siad teicneolaíochtaí digiteacha i ngach gné den fhoghlaim, den teagasc agus den mheasúnú.<br><br>Cuireann siad ar chumas múinteoirí ar bhonn scoile uile machnamh criticiúil a dhéanamh ar réimse teicneolaíochtaí digiteacha agus triail a bhaint as na teicneolaíochtaí sin, measúnú leanúnach a dhéanamh ar éifeachtacht a n-úsáidte, agus athbhreithniú a dhéanamh ar a straitéisí teagaisc dá réir sin. |
| **Tiomantas don chuimsiú, comhionannas deiseanna agus forbairt iomlánaíoch gach dalta a chothú** | Tá córais éifeachtacha ag an bpríomhoide agus ag ceannairí eile sa scoil chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar fhorbairt na ndaltaí. Aithníonn siad gur féidir le teicneolaíochtaí digiteacha tacú leis an monatóireacht chórasach chun cabhrú le daltaí a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach.<br>Glacann an scoil bearta chun teicneolaíochtaí digiteacha agus oiriúnaitheacha cuí a úsáid chun folláine fhisiciúil, shíceolaíoch agus shóisialta na bhfoghlaimeoirí a chosaint agus a chinntiú.<br><br>Tuigeann an scoil gur féidir deighiltí a theacht chun cinn mar thoradh ar an rochtain ar theicneolaíochtaí digiteacha agus tuigeann an scoil conas is féidir le dálaí sóisialta agus geilleagracha na ndaltaí dul i gcion ar an gcaoi a n-úsáidtear an teicneolaíocht. | Tá córais an-éifeachtach bunaithe ar an teicneolaíocht i bhfeidhm ag an bpríomhoide agus ag ceannairí eile sa scoil chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar fhorbairt na ndaltaí. Cinntíonn siad go n-úsáidtear na córais sin chun cabhrú le daltaí a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach.<br><br>Cuireann an scoil ar chumas múinteoirí agus foghlaimeoirí rioscaí a bhainistiú agus teicneolaíochtaí digiteacha agus oiriúnaitheacha cuí a úsáid chun tacú lena bhfolláine shóisialta, shíceolaíoch agus fhisiciúil féin.<br>Tuigeann an scoil an riosca a bhaineann leis na héagothroimí a bhraitheann daltaí faoi mhíbhuntáiste a dhéanamh níos measa, agus cinntítear go bhfuil bearta speisialta i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais na ndaltaí sin. |
| **Pleanáil agus cur i bhfeidhm an churaclaim a bhainistiú** | Déanann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil curaclam leathan cothromaithe a phleanáil agus a chur i bhfeidhm ina gcuimsítear teicneolaíochtaí digiteacha a chuireann deiseanna nua foghlama ar fáil. | Déanann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil curaclam leathan cothromaithe a phleanáil agus a chur i bhfeidhm ina leabaítear teicneolaíochtaí digiteacha lena dtacaítear le cumarsáid, comhoibriú, |

| | | |
|---|---|---|
| | Bíonn siad tiomanta do chinntiú go ndéantar curaclam na scoile a chur i bhfeidhm ar bhealach ina soláthraítear eispéiris foghlama luachmhara a bhfuil mar aidhm leo leas a bhaint as féidearthachtaí na dteicneolaíochtaí digiteacha. | comhchruthú eolais agus rannpháirtíocht shibhialta.<br><br>Cinntíonn siad go diongbháilte go bhfuil úsáid teicneolaíochta digití á leabú ar fud churaclam na scoile trína mbíonn gach dalta rannpháirteach in eispéiris foghlama luachmhara. |
| **Forbairt ghairmiúil múinteoirí a chothú chun cur le foghlaim na múinteoirí agus na ndaltaí** | Tacaíonn an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil le forbairt ghairmiúil leanúnach na múinteoirí chun inniúlacht múinteoirí a fhorbairt in úsáid teicneolaíochtaí digiteacha chun tacú le teagasc agus le foghlaim ar ardchaighdeán. | Tacaíonn an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil le forbairt ghairmiúil leanúnach na múinteoirí, agus cuireann siad an fhorbairt ghairmiúil leanúnach sin chun cinn, chun inniúlacht múinteoirí a fhorbairt in úsáid teicneolaíochtaí digiteacha as a dtagann teagasc agus foghlaim ar ardchaighdeán. |

## Iar-bhunscoileanna – ceannaireacht agus bainistiú

## RÉIMSE 2: AN EAGRAÍOCHT A BHAINISTIÚ

| CAIGHDEÁIN | RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACH | RÁITIS AR CHLEACHTAS AN-ÉIFEACHTACH |
|---|---|---|
| **Timpeallacht foghlama atá eagraithe, sábháilte agus sláintiúil a chur ar bun, agus an timpeallacht sin a chothú trí chumarsáid éifeachtach** | Cinntíonn an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil go bhfuil beartais, nósanna imeachta agus cosaintí cuí i bhfeidhm le cosaint phríobháideacht an duine aonair, na rúndachta agus úsáid shábháilte teicneolaíochtaí digiteacha agus sonraí a chinntiú le haghaidh gach aon duine de phobal na scoile. | Déanann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil maoirseacht ar bheartais, nósanna imeachta agus cosaintí cuí agus ábhartha a chur i bhfeidhm, a chur in iúl agus a athbhreithniú maidir le cosaint phríobháideacht an duine aonair, na rúndachta agus úsáid shábháilte teicneolaíochtaí digiteacha agus sonraí le haghaidh gach aon duine de phobal na scoile. |
| **Acmhainní daonna, fisiciúla agus airgeadais na scoile a bhainistiú chun eagraíocht foghlama a chruthú agus a chothú** | Cinntíonn an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil go bhfuil próisis i bhfeidhm maidir le soláthar, cothabháil, idir-inoibritheacht agus slándáil an bhonneagair dhigitigh le haghaidh foghlaim, teagasc agus measúnú éifeachtach.<br><br>Cinntíonn an bord bainistíochta soláthar agus cothabháil acmhainní agus trealamh an teagaisc dhigitigh ar chaighdeán ard.<br><br>Rinneadh spásanna foghlama fisiciúla a dhearadh nó a chur in oiriúint chun tairbhe a bhaint as úsáid raon teicneolaíochtaí digiteacha don fhoghlaim agus an úsáid sin a bharrfheabhsú. | Déanann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil athbhreithniú, pleanáil agus maoirsiú straitéiseach ar sholáthar, cothabháil, idir-inoibritheacht agus slándáil an bhonneagair dhigitigh le haghaidh foghlaim, teagasc agus measúnú éifeachtach.<br><br>Cinntíonn an bord bainistíochta soláthar agus cothabháil acmhainní agus trealamh an teagaisc dhigitigh ar chaighdeán an-ard.<br><br>Rinneadh spásanna foghlama fisiciúla a dhearadh nó a chur in oiriúint chun tairbhe a bhaint as úsáid raon teicneolaíochtaí digiteacha agus an úsáid sin a bharrfheabhsú, chun go mbeidh rochtain ar réimse leathan uirlisí digiteacha ábhartha, ábhair agus seirbhísí i suíomhanna foghlama ar féidir iad a chumrú ar bhealach solúbtha. |
| **Cásanna casta dúshlánacha a bhainistiú ar bhealach ina léirítear an comhionannas, an chothroime agus an ceartas**<br>Agus beartais maidir le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha á gcur i bhfeidhm, aithníonn an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil cásanna dúshlánacha nuair a thagann siad chun cinn agus bíonn réitigh shásúla á lorg acu ar na fadhbanna sin. | Cothaíonn an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil dearcadh dearfach i leith úsáid teicneolaíochtaí digiteacha, agus spreagann siad idirghníomhaíochtaí measúla ar gach leibhéal laistigh de phobal na scoile. | Agus beartais maidir le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha á gcur i bhfeidhm, bíonn an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil eolach ar chásanna a d'fhéadfadh a bheith dúshlánach. Bíonn siad ag saothrú go réamhghabhálach agus go héifeachtach chun na cásanna sin a bhainistiú, agus glacann siad cur chuige atá dírithe ar réitigh.<br>Déanann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil cultúr láidir den tsaoránacht dhigiteach a léiriú agus a fhorbairt ina gcothaítear cómhuinín agus cuntasacht chomhroinnte le idirghníomhaíochtaí measúla ar gach leibhéal laistigh de phobal na scoile. |

| | | |
|---|---|---|
| **Córas a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun cuntasacht agus freagracht ghairmiúil a chur chun cinn** Cinntíonn an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil go gcuimsítear úsáid éifeachtach teicneolaíochtaí digiteacha don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnú in athbhreithniú na múinteoirí ar a gcleachtas féin. | | Déanann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil cultúr a chur chun cinn d'athbhreithniú aonair agus comhoibríoch ar úsáid teicneolaíochtaí digiteacha don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnú, mar chuid de phróiseas éifeachtach i leith na cuntasachta gairmiúla. |

## Iar-bhunscoileanna – ceannaireacht agus bainistiú

## RÉIMSE 3: FORBAIRT NA SCOILE A THREORÚ

| CAIGHDEÁIN | RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACH | RÁITIS AR CHLEACHTAS AN-ÉIFEACHTACH |
|---|---|---|
| **Fís threorach na scoile a chur in iúl, agus cur i gcrích na físe sin a stiúradh** | Bíonn an bord bainistíochta agus an príomhoide réamhghníomhach maidir le fís i leith úsáid teicneolaíochtaí digiteacha a chur in iúl, faoi mar atá léirithe sa Straitéis Dhigiteach do Scoileanna. Cuirtear an fhís sin in iúl go gníomhach go hinmheánach agus do phobal níos leithne na scoile. | Cuireann an bord bainistíochta agus an príomhoide fís in iúl ina leabaítear úsáid teicneolaíochtaí digiteacha, faoi mar atá léirithe sa Straitéis Dhigiteach do Scoileanna. Tá próisis chuí i bhfeidhm ag an scoil seo chun an fhís a chur in iúl go hinmheánach agus go seachtrach maidir le leabú teicneolaíochtaí digiteacha agus na tairbhí a bhaineann leis sin. |
| **Rannpháirtíocht na scoile a stiúradh i bpróiseas leanúnach féinmheastóireachta** | Cuimhnítear ar úsáid na teicneolaíochta digití agus leabaítear í nuair is cuí ar fud phróiseas féinmheastóireachta na scoile. | Bíonn an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil ar an eolas faoi athruithe sa teicneolaíocht, agus cinntíonn siad go mbíonn feabhas intomhaiste agus inaitheanta ar thorthaí na bhfoghlaimeoirí mar thoradh ar bhearta atá á gcur i bhfeidhm de réir an phlean feabhsaithe scoile. |
| **Caidrimh a chruthú agus a chothú le tuismitheoirí, le scoileanna eile agus leis an bpobal i gcoitinne** | Tá straitéis fhollasach cumarsáide i bhfeidhm sa scoil, ina sainaithnítear agus ina n-úsáidtear láithreáin gréasáin agus líonraí sóisialta, chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le pobal uile na scoile.<br><br>Úsáideann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil teicneolaíochtaí digiteacha chun feabhas a chur ar chumarsáid na heagraíochta le foghlaimeoirí, tuismitheoirí agus tríú páirtithe, rud a fhágann go mbíonn na nósanna imeachta riaracháin níos trédhearcaí agus níos inrochtana.<br>Tá siad tiomanta don chomhoibriú agus don mhalartú eolais trí chomhpháirtíochtaí le scoileanna eile, eagraíochtaí seachtracha, an tionscal agus an pobal i gcoitinne, á éascú agus á chothú de réir mar is cuí le teicneolaíochtaí digiteacha. | Tá láithreacht dhigiteach dhinimiciúil ag an scoil ar a ndéantar nuashonrú rialta agus a bhíonn in úsáid ag an scoil agus ag pobal na scoile chun leas a bhaint as comhoibriú, comhroinnt, cumarsáid agus foghlaim ar líne.<br><br>Úsáideann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil feidhmeanna leabaithe na n-uirlisí riaracháin chun machnamh agus anailís a dhéanamh ar riachtanais foghlama agus dul chun cinn foghlaimeoirí aonair agus chun tuiscint níos fearr a fháil orthu sin.<br><br>Cruthaíonn agus cothaíonn an scoil comhpháirtíochtaí comhoibríocha nuálacha le scoileanna eile, eagraíochtaí seachtracha, an tionscal agus an pobal i gcoitinne ar bhealach gníomhach, agus déanann an scoil na comhpháirtíochtaí sin a éascú agus a chothú de réir mar is cuí le teicneolaíochtaí digiteacha. |
| **Athrú a bhainistiú, a threorú agus a stiúradh chun freagairt do riachtanais athraitheacha na scoile agus d'athruithe san oideachas** | Baineann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil leas as an mbeartas náisiúnta agus as forbairtí teicniúla, agus tuigeann siad cé chomh hábhartha is atá siad sin don scoil. | Baineann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil leas as taighde, as an mbeartas náisiúnta agus as forbairtí teicniúla, agus cuireann siad iad féin in oiriúint go réamhghníomhach d'athruithe ar an gcomhthéacs nó ar an timpeallacht bheartais. |

## Iar-bhunscoileanna – ceannaireacht agus bainistiú

## RÉIMSE 4: CUMAS CEANNAIREACHTA A FHORBAIRT

| CAIGHDEÁIN | RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACH | RÁITIS AR CHLEACHTAS AN-ÉIFEACHTACH |
|---|---|---|
| **Critíc a dhéanamh ar a gcleachtas féin mar cheannairí agus a dtuiscint a fhorbairt ar an gceannaireacht éifeachtach inbhuanaithe** | Cinntíonn an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil go bhfuil córais teicneolaíochta i bhfeidhm chun tacú leis na cleachtais oideolaíochta dhigiteacha laistigh den scoil.<br><br>Ceistíonn siad a gcleachtas féin maidir le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha trí phróisis mhachnaimh phearsanta agus sainaithníonn siad réimsí dá gcleachtas ar gá feabhas a chur orthu. | Déanann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil machnamh agus measúnú grinn ar na cleachtais oideolaíocha dhigiteacha laistigh den scoil, agus déanann siad na cleachtais sin a fhorbairt go gníomhach.<br>Forbraíonn siad féinfheasacht trína gcleachtas féin a cheistiú maidir le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha trí mhachnamh pearsanta agus comhoibríoch. Aithníonn siad réimsí dá gcleachtas inar gá feabhas a dhéanamh agus bíonn siad ag obair orthu sin. |
| **Baill foirne a chumasú chun róil cheannaireachta a ghlacadh agus a dhéanamh**<br>Spreagann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil na múinteoirí chun róil cheannaireachta a ghlacadh agus chun úsáid teicneolaíochtaí digiteacha a stiúradh don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnú, agus bítear sásta freagrachtaí móra ceannaireachta a roinnt. | <br><br>Forbraíonn siad struchtúir eagraíochtúla chun comhroinnt na gcleachtas agus meantóireacht piaraí a éascú agus a spreagadh in úsáid teicneolaíochtaí digiteacha don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnú.<br><br>Aithníonn siad deiseanna don fhoireann chun rannpháirtíocht ghníomhach a ghlacadh sa phróiseas chun cumas digiteach agus úsáid nuálach a neartú agus páirt a ghlacadh sa taighde, agus tacaíonn siad leis na deiseanna sin. | Spreagann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil obair foirne i ngach gné de shaol na scoile. Cruthaíonn agus spreagann siad grúpaí foirne agus meithleacha i measc na mball foirne chun forbairtí a stiúradh in úsáid teicneolaíochtaí digiteacha don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnú, rud a neartaíonn an cumas ceannaireachta.<br>Déanann siad clár meantóireachta éifeachtach a sholáthar agus a bhainistiú chun tacú le múinteoirí i róil nua agus chun cumas ceannaireachta na meantóirí a fhorbairt in úsáid teicneolaíochtaí digiteacha don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnú.<br>Aithníonn siad deiseanna don fhoireann chun cleachtais nuálacha a chomhroinnt agus páirt a ghlacadh i dtaighde ag a bhfuil tionchar gníomhach ar úsáid teicneolaíochtaí digiteacha don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnú agus tacaíonn siad leis na deiseanna sin. |
| **Forbairt ghuth na ndaltaí agus na ceannaireachta i measc daltaí a chur chun cinn agus a éascú** | Bíonn meas ag an bpríomhoide agus ag ceannairí eile sa scoil ar thuairimí na ndaltaí agus tacaíonn siad le rannpháirtíocht na ndaltaí sa chaoi ina n-úsáidtear teicneolaíochtaí digiteacha chun tacú lena bhfoghlaim. | Bíonn an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil ag súil go mbíonn daltaí ag gníomhú mar fhoghlaimeoirí féinstiúrtha agus spreagann siad iad chun é sin a dhéanamh. Meastar gur comhdhearthóirí iad na daltaí den phróiseas foghlama, ag baint leas as réimse teicneolaíochtaí digiteacha. |
| **Líonraí gairmiúla a chruthú le ceannairí scoileanna eile** | Bíonn an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil ag gabháil d'idirphlé gairmiúil lena gcomhghleacaithe agus le comhlachtaí náisiúnta ábhartha maidir le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnú. Déanann siad iarracht an méid a fhoghlaimíonn siad a chur i bhfeidhm ina gcleachtas. | Déanann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil rannpháirtíocht le líonraí gairmiúla do cheannairí agus do bhainisteoirí scoile go háitiúil agus go hidirnáisiúnta a fhorbairt agus a shíneadh go gníomhach. Leabaíonn siad foghlaim ó na líonraí sin i gcleachtais foghlama, teagaisc agus measúnaithe ar fud na scoile. |

## Gluais téarmaí

| Téarma | Léirmhíniú |
|---|---|
| Teicneolaíochtaí oiriúnaitheacha | Trealamh, bogearra nó córas ar bith a n-úsáidtear é chun cumais fheidhmiúla daoine faoi mhíchumas a chothú nó a fheabhsú. Áirítear ina measc gléasanna amhail méarchláir agus luchóga malartacha, bogearraí aitheanta gutha, bogearraí chun an scáileán a mhéadú, agus áiseanna cumarsáide lena n-aistrítear téacs go teanga. |
| Fadhbréiteach comhoibríoch | Déanann foghlaimeoirí a dtuiscint agus a n-iarracht a chomhroinnt agus oibríonn siad as lámha a chéile chun fadhbanna a réiteach nuair nach léir an réiteach ar an bpointe. |
| Inniúlacht | Is éard is inniúlacht ann cumas duine aonair jab nó tasc a dhéanamh i gceart. Sraith d'eolas, de scileanna agus d'iompar sonrach atá ann. |
| Creat inniúlachta | Soláthraítear treoir struchtúrtha le creat inniúlachta, lenar féidir inniúlachtaí a aithint, a mheasúnú agus a fhorbairt laistigh d'eagraíocht nó de cheird. |
| Foghlaim idirdhealaitheach | Tagraíonn foghlaim idirdhealaitheach don réimse leathan ábhair, straitéisí agus cur chuige lena ndéantar an fhoghlaim a phearsantú agus lena n-éascaítear daltaí ar chumas agus ar ghnóthachtáil éagsúil a lánacmhainneacht a chomhlíonadh agus a bhaint amach. |
| DigCompEdu | Creat Inniúlachta Digití Eorpach d'Oideoirí (*Digital Competence Framework for Educators*) a bhfuil mar aidhm leis comhthuiscint a sholáthar ar na riachtanais inniúlachta digití a bhíonn ag an lucht oideachais. Déantar sainaithint agus cur síos ann ar phríomhghnéithe a riachtanas inniúlachta digití, agus tá sé dírithe ar an lucht oideachais ag gach leibhéal oideachais ón oideachas luath-óige go dtí an t-ardoideachas agus an t-oideachas aosach. |
| DigCompOrg | Creat Eorpach d'Eagraíochtaí Oideachais a bhfuil Inniúlacht Dhigiteach acu (*European Framework for Digitally Competent Educational Organisations*) chun treoir a thabhairt do phróiseas féinmhachnaimh ar an dul chun cinn i dtreo comhtháthú cuimsitheach agus úsáid éifeachtach teicneolaíochtaí foghlama digití in eagraíochtaí. Tá sé dírithe ar bhunscoileanna, ar iar-bhunscoileanna, agus ar institiúidí breisoideachais agus ardoideachais. |
| Saoránacht dhigiteach | Tagraíonn saoránacht dhigiteach do noirm an iompair chuí, eiticiúil agus fhreagraigh a bhíonn ann agus teicneolaíocht dhigiteach á húsáid. Is rud tábhachtach é seo do dhaoine óga a bhíonn ar an idirlíon go minic agus a chaithfidh cuid mhór dá saol ar líne, agus a bhíonn ag idirghníomhú le daoine eile ar líne. |
| Inniúlacht dhigiteach | An tsraith scileanna, eolais agus tuairimí lena gcumasaítear úsáid mhuiníneach, chruthaitheach agus chriticiúil teicneolaíochtaí digiteacha chun an teagasc, an fhoghlaim agus an measúnú a fheabhsú. |

| | |
|---|---|
| Lorg digiteach | Is é is lorg digiteach ann an lorg sonraí a chruthaítear agus an fhaisnéis a bhíonn ann mar thoradh ar ghníomhaíocht ar líne. Áirítear leis sin na láithreáin gréasáin a bhféachtar orthu, na teachtaireachtaí ríomhphoist a sheoltar, agus faisnéis a sheoltar chuig seirbhísí agus soláthraithe ar líne. |
| Céannacht dhigiteach | Is é is céannacht dhigiteach ann an léiriú ar dhuine nó ar eagraíocht i dtimpeallachtaí ar líne nó i dtimpeallachtaí digiteacha. |
| Bonneagar digiteach | Áirítear le bonneagar digiteach na scoile acmhainní amhail crua-earraí ríomhaireachta, sonraí agus líonraí, acmhainní faisnéise, bogearraí comh-inoibritheacha agus tacaíocht theicniúil a bhíonn ag teastáil chun go n-éireoidh leis an bhfoghlaim, leis an teagasc agus leis an measúnú digiteach a leabú. |
| Idirghníomhaíocht dhigiteach | Idirghníomhaíochtaí ar bith idir beirt nó níos mó a dhéantar le teicneolaíochtaí digiteacha. Áirítear ina measc na meáin shóisialta, ríomhphost, seirbhís teachtaireachtaí, blagáil, cluichí ar líne, físchomhdhálacha nó comhdhálacha gréasáin a úsáid. |
| Creat Foghlama Digití | Creat a bheidh in úsáid ag ceannairí scoile, ranna ábhair agus múinteoirí aonair chun an dul chun cinn a threorú agus a athbhreithniú maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a leabú i ngach gné den teagasc agus den fhoghlaim. |
| Áiseanna teagaisc digiteacha | Acmhainní agus uirlisí digiteacha amhail ábhar foghlama digití, físeáin, ríomhleabhair nó bogearraí a bhíonn in úsáid ag múinteoirí chun cur leis an teagasc sa seomra ranga nó chun spéis na ndaltaí a spreagadh. |
| Teicneolaíochtaí digiteacha | Uirlisí, córais agus gléasanna leictreonacha a ghineann nó a stórálann sonraí nó a dhéanann próiseáil ar shonraí. Áirítear ina measc ríomhairí, táibléid, bogearraí agus feidhmchláir, láithreáin gréasáin, na meáin shóisialta, ilmheáin, cluichí ar líne, róbataic, néalríomhaireacht, agus gléasanna móibíleacha. |
| Láithreacht dhigiteach dhinimiciúil | Láithreacht dhigiteach a ndéantar monatóireacht agus nuashonrúchán rialta air agus ar féidir idirghníomhú leis agus aiseolas a thabhairt. I suíomh scoile, fágann sé gur féidir cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le daltaí, le tuismitheoirí agus leis an bpobal i gcoitinne. |
| Leabú na teicneolaíochta digití | Céim níos faide ná comhtháthú TFC, baintear leas gan aon stró as an teicneolaíocht dhigiteach i ngach gné den teagasc, den fhoghlaim agus den mheasúnú chun feabhas a chur ar eispéiris foghlama na ndaltaí go léir. |
| Measúnú múnlaitheach | Sa mheasúnú múnlaitheach, baintear úsáid as nósanna imeachta foirmiúla nó neamhfhoirmiúla chun fianaise a bhailiú ar dhul chun cinn an dalta sa phróiseas foghlama. Úsáidtear an fhaisnéis sin ansin chun gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a chur in oiriúint do riachtanais na ndaltaí, rud a chuirfidh lena ngnóthachtáil. |
| Idir-inoibritheacht | An cumas a bhíonn ag córais éagsúla teicneolaíochta faisnéise agus feidhmchláir ríomhaireachta éagsúla cumarsáid a dhéanamh agus sonraí a mhalartú le córais agus le feidhmchláir eile. |

| | |
|---|---|
| Comhchruthú eolais | Daltaí ag obair as lámha a chéile chun smaointe agus tuiscintí nua a ghiniúint trí léirmhíniú, anailís, sintéis nó measúnú. |
| Spás foghlama | Tagraíonn spás foghlama do shuíomh ar bith ina mbítear ag teagasc agus ag foghlaim. D'fhéadfadh an spás a bheith laistigh den scoil nó lasmuigh di, agus d'fhéadfadh spás ar líne nó spás fisiciúil a bheith ann. Ba cheart do spásanna foghlama foghlaimeoirí a spreagadh, tacú le cleachtais chomhoibríocha agus le cleachtais aonair, agus ba cheart dóibh a bheith uilechuimsitheach agus solúbtha. |
| Comhoibriú ar líne | Daltaí agus/nó múinteoirí ag obair as lámha a chéile i bhfíor-am ar an idirlíon ar thasc comhroinnte amhail réiteach a aimsiú ar fhadhb, doiciméad a scríobh, ransú smaointe nó díospóireacht a dhéanamh ar shaincheist nach bhféadfaí a dhéanamh murach an cur chuige sin. |
| Piarmheasúnú | I gcomhthéacs fhoghlaim na ndaltaí, úsáideann na daltaí piarmheasúnú chun breithiúnas a thabhairt ar obair daltaí eile agus cinneadh a dhéanamh cibé acu an gcomhlíonann an obair sin critéir shainiúla chomhaontaithe nó nach gcomhlíonann. Ar an gcaoi sin, is féidir leis a bheith éifeachtach mar chineál measúnaithe mhúnlaithigh. |
| Foghlaim phearsantaithe | Tagraíonn an fhoghlaim phearsantaithe don teagasc ina ndéantar luas na foghlama agus an cur chuige teagaisc a chur in oiriúint go sonrach do riachtanais gach aon fhoghlaimeora. Cuirtear gníomhaíochtaí foghlama ar fáil atá bríoch agus ábhartha d'fhoghlaimeoirí, bunaithe ar a gcuid réimsí spéise, agus is minic gurb iad na foghlaimeoirí féin a chuireann tús leo. Tá dlúthbhaint ag an bhfoghlaim phearsantaithe leis an bhfoghlaim idirdhealaitheach. |
| Féinmheasúnú | Is é is féinmheasúnú ann an próiseas trína ngabhann daltaí chun athbhreithniú agus breithiúnais a dhéanamh ar a gcuid oibre féin agus chun a ndul chun cinn a thaifeadadh. Tá sé bunaithe ar chomhthuiscint ar na cuspóirí, na critéir ratha nó na gnéithe cáilíochta le haghaidh an aonaid foghlama. |
| Foghlaimeoir féinstiúrtha | San fhoghlaim féinstiúrtha, is iad na daltaí féin a thapaíonn an deis agus a ghlacann an fhreagracht as a bhfoghlaim féin. Áirítear leis sin spriocanna foghlama a leagan amach, acmhainní a roghnú agus a bhainistiú, straitéisí a roghnú agus a chur i bhfeidhm, agus measúnú a dhéanamh ar a ngníomhaíochtaí foghlama. |
| Measúnú suimitheach | Úsáidtear an measúnú suimitheach chun foghlaim na ndaltaí a mheas ag deireadh an phróisis teagaisc nó ag deireadh tréimhse foghlama. An cuspóir atá ann achoimre a dhéanamh ar a bhfuil bainte amach ag na daltaí agus cinneadh cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil tuiscint léirithe ag na daltaí ar an bhfoghlaim sin trína cur i gcomparáid le cuspóirí, critéir ratha, nó gnéithe cáilíochta comhaontaithe, agus cé chomh mór atá an tuiscint sin léirithe acu. |
| Creat inniúlachta TFC de chuid UNESCO | (Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe – EOECNA)<br>Creat TFC ina leagtar amach na hinniúlachtaí a bhíonn ag teastáil ó mhúinteoirí chun Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFCanna) a leabú go héifeachtach ina gcleachtas gairmiúil. Tá mar aidhm leis an gCreat cabhrú le Ballstáit a gcreat foghlama digití féin a fhorbairt agus caighdeáin náisiúnta a leagan amach. |

| | |
|---|---|
| Láithreáin gréasáin agus líonraí sóisialta | Láithreán gréasáin scoile, blag, seirbhís teachtaireachtaí, leathanach Facebook, Twitter, WhatsApp nó meáin shóisialta ar bith a bhíonn in úsáid ag an scoil nó ag múinteoirí aonair chun cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí agus leis an bpobal i gcoitinne. |